Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2018
(OR. en)

10227/18

AGRI 302
FAO 22

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9469/18 + ADD 1 |
| Ábhar: | CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le tosaíochtaí meántéarmacha an Aontais gona Bhallstáit i gcás Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí meántéarmacha an Aontais gona Bhallstáit i gcás Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), mar a ghlac an Chomhairle iad ar an 18 Meitheamh 2018.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tosaíochtaí meán-téarmacha an Aontais agus a Bhallstát i gcás Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO)**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. AG ATHDHEARBHÚ DI tiomantas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát d'ord riailbhunaithe a chur chun cinn, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, mar phríomhchuspóir ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais; AG MEABHRÚ DI i ndáil leis an méid sin na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála[1];

2. AG ATHDHEARBHÚ DI lántiomantas an Aontais agus a Bhallstát Clár Oibre 2030 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme agus na 17 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach faoi 2030; AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir le freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030[2] agus leis an 'gComhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt'[3], lena n-áirítear na gealltanais ón Aontas agus óna Bhallstáit maidir le slándáil bia, le cothú agus le talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach inbhuanaithe; AG CUR I dTREIS DI a idirspleáiche atá dúshláin na hinbhuanaitheachta, agus a dhodhéanta atá sé dul i ngleic leo mura dtugtar aghaidh freisin ar na hidirnaisc idir na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar bhealach iomlánaíoch comhleanúnach, lena gcuirtear san áireamh gach ceann de thrí ghné na forbartha inbhuanaithe, ar gach leibhéal;

[1] 13202/16.
[2] 10370/17.
[3] IO C 210, 30.06.2017, lch. 1.

3. AG ATHDHEARBHÚ DI tiomantas an Aontais agus a Bhallstát Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide a chur chun feidhme ina iomláine agus leanúint de ról ceannasach a imirt i ndáil leis an méid sin; AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir le Comhaontú Pháras agus an t-ullmhúchán do na cruinnithe maidir le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide[4];

4. AG CUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a chomhordú go dlúth le Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus le gealltanais idirnáisiúnta eile;

5. AG CUR I bhFÁTH a thábhachtaí atá FAO agus an ról ar leith a bhaineann leis laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe, mar eagraíocht dhomhanda eolasbhunaithe do thalmhaíocht, d'fhoraoiseacht, d'iascach agus do dhobharshaothrú inbhuanaithe, mar aon le slándáil bia agus le cothú; AG CUR I dTREIS DI go bhfuil ról suntasach le himirt ag FAO i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras;

6. AG CUR I bhFÁTH an chomhpháirtíocht sheanbhunaithe thorthúil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus FAO; AG CUR I dTREIS an chabhair ríthábhachtach a thugann an tAontas agus a Bhallstáit do gach gné d'obair FAO, lena n-áirítear mar phríomhrannpháirtí do bhuiséad foriomlán FAO, agus ag cur i dtreis a dtiomantas dá gcomhar le FAO a chomhdhlúthú agus a threisiú;

[4] 13198/17.

***Ról FAO sa chlár maidir le clár oibre inbhuanaitheacht agus aeráide domhanda i ndáil le talmhaíocht, foraoiseacht, iascach, slándáil bia agus cothú a chur chun cinn***

7. AITHNÍONN SÍ ról tábhachtach FAO ag tacú lena bhaill agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme agus SDGanna a bhaint amach trí threoir bheartais, comhairle theicniúil, cláir agus tionscadail a chur chun feidhme, agus faireacháin agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil mórfhreagrachtaí ar FAO go háirithe maidir le SDG 2 agus na SDGanna eile a bhfuil nasc acu lena sainordú agus LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcúram criticiúil atá ar FAO, mar thaisceánach do 21 tháscairí do SDGanna, le comhairle a thabhairt maidir le hidirnaisc idir na SDGanna agus le rannchuidiú sa phróiseas athbhreithnithe foriomlán lena n-áirítear trína áirithiú go mbíonn fáil ar shonraí cruinne talmhaíochta agus tuaithe;

8. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ról tábhachtach ag FAO maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, go háirithe trí shaineolas teicniúil a chur ar fáil le tacú le hiarrachtaí a mball maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, lena n-áirítear i gcomhthéacs a Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna); MOLANN SÍ do FAO, maidir le cur chun feidhme a Straitéis maidir leis an Athrú Aeráide, an acmhainn iomlán atá le fáil le talmhaíocht, foraoiseacht, iascach, dobharshaothrú (lena n-áirítear i gcomhthéacs 'Thionscnamh an Fháis Ghoirm') a bhaint amach chun sineirgí a chruthú idir na cláir oibre maidir leis an athrú aeráide agus le forbairt; i ndáil leis an méid sin IARRANN SÍ ar FAO leanúint dá iarrachtaí cur chuige maidir le táirgeadh inbhuanaithe a chothú, iarrachtaí a chumhdaíonn gach ceann de thrí thoise na forbartha inbhuanaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar an agra-éiceolaíocht, ar an bhfeirmeoireacht orgánach agus ar an bhfás sa táirgeadh inbhuanaithe, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe na hithreach, bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus bainistiú inbhuanaithe ar iascach, lena n-áirítear cur i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe d'fhonn rialachas feabhsaithe idirnáisiúnta aigéan a bhaint amach;

9. MOLANN SÍ do FAO ceannaireacht a léiriú tríd an aistriú fóinteach i dtreo córais níos inbhuanaithe talmhaíochta agus bia a chur chun cinn, agus sa chomhthéacs sin MOLANN SÍ do FAO páirt réamhghníomhach a glacadh in iarrachtaí chun fíorchostas bia a léiriú agus aird chuí á tabhairt ar sheachtrachtaí dearfacha agus diúltacha na gcóras bia; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear pátrúin inbhuanaithe táirgthe agus ídithe a chur chun cinn, agus béim ar leith á cur ar iarrachtaí chun caillteanas agus cur amú bia a chosc agus a laghdú;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá infheistíochtaí freagracha poiblí agus/nó príobháideacha in earnáil an agraibhia, i gcomhréir le 'Prionsabail um Infheistíocht Fhreagrach i gCórais Talmhaíochta agus Bhia' (RAI), d'fhonn fás eacnamaíoch agus fostaíocht chuimsitheach a chruthú, go háirithe do dhaonra óg atá ag fás go tapa i gceantair thuaithe i limistéir éagsúla den domhan, go háirithe san Afraic; i ndáil leis an méid sin MOLANN SÍ do FAO cur chun feidhme RAI a chur chun cinn, agus beartais lena gcuirtear feabhas ar fhostaíocht mhaith i measc daoine óga faoin tuath agus lena dtugtar aghaidh ar na cúiseanna leis an mbochtaineacht, an neamhionannas agus an imirce neamhrialta, laistigh dá sainordú agus i gcomhpháirtíocht leis na heagraíochtaí ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe agus na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais ábhartha;

11. Maidir le dul i ngleic leis na príomhchúiseanna le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus le haghaidh a thabhairt ar an míchothú, faoina iomad gné, IARRANN SÍ ar FAO aird ar leith a thabhairt, laistigh de theorainneacha a shainordaithe, ar na gealltanais a tháinig as an dara Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Cothú (ICN2) a chur chun feidhme, bearta a bhfuil sé mar aidhm acu urramú chearta tionachta talún a chur chun cinn i gcomhréir le Treoirlínte Saorálacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándáil Náisiúnta an tSoláthair Bhia agus rochtain shlán agus chothrom ar acmhainní táirgiúla, go háirithe do shealbhóirí beaga, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar dhaoine óga; i ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige críochach, rochtain ar an margadh a éascú d'fheirmeoirí teaghlaigh agus aghaidh a thabhairt ar róluaineacht sna praghsanna bia;

12. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht agus an ábharthacht dhomhanda a bhaineann le gníomhaíochtaí anailíse agus staidrimh FAO mar aon lena ghníomhaíochtaí maidir le caighdeáin a shocrú agus gníomhaíochtaí normatacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcaithfear maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil ó bhuiséad lárnach FAO do na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear do na gnólachtaí um chomhairle eolaíoch agus rúnaíocht an chomhchlár FAO/EDS do chaighdeáin le haghaidh bia (*Codex Alimentarius*) agus rúnaíocht an Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC), chomh maith le comhghníomhaíochtaí FAO, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), lena n-áirítear maidir le galair trasteorann in ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) i gcomhréir le cur chuige an Aon Sláinte Amháin;

***FAO mar eagraíocht eolasbhunaithe atá oiriúnach don fheidhm i gcóras na Náisiún Aontaithe i gcoitinne***

13. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá coinneáil leis na hiarrachtaí lena áirithiú gur eagraíocht eolasbhunaithe éifeachtach, éifeachtúil, trédhearcach é FAO atá ag brath ar bhainistiú agus ar chuntasacht toradhbhunaithe ar gach leibhéal, ar idirphlé agus ar chumarsáid éifeachtach lena bhaill, agus ag a bhfuil beartas acmhainní daonna atá bunaithe ar an éagsúlacht, ar chomhionannas, ar an trédhearcacht agus ar an bhfiúntas, agus atá ag teacht go hiomlán le Córas Coiteann na Náisiún Aontaithe;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcaithfear a áirithiú go gcuirtear saineolas teicniúil leordhóthanach agus oiriúnach ar fáil ag ceanncheathrú FAO sa Róimh agus in oifigí díláraithe FAO, ionas go mbeidh an eagraíocht in ann a sainordú a bhaint amach go héifeachtach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, maidir leis an méid sin, an ról tábhachtach atá ag FAO chun idirghabhálacha a nascadh maidir le slándáil bia, cothú agus faoiseamh daonnúil a fheabhsú, i gcomhthéacs tíortha i mbéal forbartha agus i ngéarchéimeanna géara agus fada araon;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh FAO treisiú leis na bealaí éagsúla claochlaithe maidir le caidrimh inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile, chomh maith le laistigh den eagraíocht féin ar gach leibhéal; CUIREANN SÍ I bhFÁTH go gcaithfear gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ar fud chóras na Náisiún Aontaithe lena dtugtar aghaidh ar an riosca le teacht i dtír gnéasach, drochúsáid agus ciapadh, chomh maith le foirmeacha eile ciaptha agus drochúsáid údaráis, agus lena ndéantar iad a chosc, agus IARRANN SÍ ar FAO tuarascáil a thabhairt go rialta maidir le forbairt i ndáil leis an méid sin;

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhpháirtithe ilgheallsealbhóra agus comhpháirtithe eile a fhaigheann tacú ó FAO, le comhairliúchán agus rannpháirtíocht ón tsochaí shibhialta, ón lucht acadúil agus ón earnáil phríobháideach, rud a thógfaidh saineolas agus eolas le chéile agus a chuirfidh leis an mbonn acmhainní; CUIREANN SÍ I dTREIS, sa chomhthéacs sin, go gcaithfear trédhearcacht agus freagracht iomlán, rialachas cuí agus próisis chinnteoireachta a áirithiú, d'fhonn aon choinbhleachtaí leasa a sheachaint, agus IARRANN SÍ ar FAO measúnuithe rialta a dhéanamh ar thionchar na gcomhpháirtithe ar ghníomhaíochtaí FAO agus ar a rannchuidiú leis na SDGanna a bhaint amach;

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá i gcónaí le comhar feabhsaithe agus sineirgí méadaithe idir FAO agus gníomhaireachta ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe a bhíonn ag plé le saincheisteanna domhanda maidir le talmhaíocht, foraoiseacht, iascach, slándáil an tsoláthair bia agus cothú, agus slándáil bia, go háirithe an Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta (IFAD), an Clár Domhanda Bia (WFP) agus EDS; IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar an gcomhar idir gníomhaireachtaí atá bunaithe sa Róimh agus is tagairt úsáideach iad chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann leis na hiarrachtaí a rinneadh obair a dhéanamh i gcomhar a chéile i measc FAO, IFAD agus an Clár Domhanda Bia; CUIREANN SÍ I dTREIS i gcás an obair a dhéanann FAO, IFAD agus an WFP i gcomhar lena chéile, nach mór an méid a leanas a áirithiú sna measúnuithe comhpháirteacha: mapáil ar an gcomhar ar leibhéal na dtíortha, sásraí dreasachta agus comhtháscairí chun tionchar an chomhair a thomhas;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go leanfaidh FAO de bheith ag tacú, i gcomhar le IFAD agus WFP, le hobair an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS) agus an obair sin a éascú, lena n-áirítear le painéal ardleibhéil saineolaithe an Choiste, agus cur chun feidhme mholtaí beartais tábhachtacha atá forbartha ag CFS, a chur chun cinn, agus an Ceart chun Bia Leordhóthanach á fhíorú, go háirithe na Treoirlínte Saorálacha, RAI agus FFA[5]; MOLANN SÍ do FAO na moltaí beartais sin a áireamh sna gníomhaíochtaí uile a bhíonn ar bun aige a bhaineann le tionscadail allamuigh agus dearadh beartais ar an leibhéal náisiúnta, agus i gcomhaontuithe comhpháirtíochta le heagraíochtaí eile idirnáisiúnta agus réigiúnacha, tíortha bhronntacha, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus an earnáil phríobháideach;

19. IARRANN SÍ ar FAO a ról iomlán a imirt agus athchóiriú ar chóras forbartha na Náisiún Aontaithe [a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar an 31 Bealtaine 2018] a chur chun feidhme[6] agus a chuid gníomhaíochtaí a ailíniú leis na forálacha ón rún ábhartha ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear maidir le ról nua na gComhordaitheoirí Cónaitheacha agus an fhoirmle do chomhroinnt na gcostas do chóras na gComhordaitheoirí cónaitheacha, creata na Náisiún Aontaithe maidir le cúnamh forbartha, agus glúin nua d'fhoirne tíortha, agus IARRANN SÍ ar FAO a bhaill a chur ar an eolas go rialta maidir leis an dul chun cinn a rinneadh;

---

5 *Framework for Action for Food Security and Nutrition in Protracted Crises* [Creat Gníomhaíochta do Shábháilteacht an tsoláthair bia agus don Chothú le linn Géarchéimeanna a mhaireann ar feadh i bhfad].

6 Rún A/72/L.52 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe: *Repositioning of the United Nations development system in the context of the quadrennial comprehensive policy review of operational activities for development of the United Nations system* [Athshuí chóras forbartha na Náisiún Aontaithe i gcomhthéacs an athbreithnithe beartais chuimsithigh cheathairbhliantúil ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin d'fhorbairt ar chóras na Náisiún Aontaithe].

*Comhar an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát le FAO*

20. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé don Aontas agus dá Bhallstáit go leanfaidís de bheith ag tacú go gníomhach le FAO leis an bpríomh-shainordú atá aige agus sa mhéid atá á dhéanamh aige an clár oibre domhanda don inbhuanaitheacht agus don aeráid a chur chun cinn maidir le talmhaíocht, foraoiseacht, iascach, slándáil bia agus cothú;

21. TÁ SÍ AG SÚIL LE leanúint le comhoibriú gníomhach an Aontais agus a Bhallstát le FAO sna gníomhaíochtaí maidir le caighdeáin a shocrú agus gníomhaíochtaí normatacha, go háirithe le comhrúnaíocht an chlár FAO/EDS do chaighdeáin le haghaidh bia (*Codex Alimentarius*), rúnaíocht an Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC), agus a gcomhlachtaí i ndáil le comhairle eolaíoch, agus tacú le gníomhaíochtaí arna dtabhairt faoi go comhpháirteach ag FAO, EDS agus OIE, lena n-áirítear maidir le galair trasteorann in ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) i gcomhréir le cur chuige an Aon Sláinte Amháin;

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ábharthacht a bhaineann le comhar atá chun tairbhe an dá thaobh a neartú idir institiúidí taighde agus acadúla san Aontas agus in FAO, chun cur i bhfeidhm thorthaí taighde ar obair FAO a chur chun cinn;

24. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí don Aontas agus dá Bhallstáit páirt a ghlacadh ar bhealach comhbheartaithe, le grúpaí réigiúnacha eile de chuid FAO d'fhonn an iontaoibh fhrithpháirteach a neartú agus éifeachtúlacht agus comhlántacht a bhaint amach; agus seisiúin idirphlé rialta agus straitéiseach a bheith aici le lucht bainistíochta sinsearaí FAO.